Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0166(APP)**

**14039/20
ADD 1**

**CADREFIN 450
RESPR 82
POLGEN 228
FIN 958**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus an Pacáiste Téarnaimh – Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 – GLACADH |

1. Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo, dhá ráiteas a rinne an Ostair agus an Pholainn faoi seach. Ní bhfuarthas aon ráitis eile.

2. Níor chuir aon toscaireacht in iúl go bhfuil sé ar intinn aici staonadh ó vótáil nó vótáil i gcoinne an rialacháin atá beartaithe.

## Ráiteas ón Ostair

Sa dearbhú ón gCoimisiún maidir le ranníocaíochtaí aeráide de réir cláir, léirítear an méid seo a leanas don "Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta" (ITER): ranníocaíocht ionchasach 100 % chun sprioc fhoriomlán 30 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an Aontais agus caiteachas NGEU a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Ostair di go gcomhlíonfaidh na spriocanna i reachtaíocht/i gcláir earnála cuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus go rannchuideoidh siad le spriocanna aeráide nua an Aontais do 2030 a bhaint amach. Mar sin féin, ní rannchuideoidh ITER le spriocanna aeráide nua an Aontais do 2030 a bhaint amach agus le cuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 toisc nach soláthróidh an t-imoibreoir taighde agus turgnamhach aon fhuinneamh leictreach sna blianta amach romhainn. Ar an gcaoi chéanna, ní bheidh an tionscadal DEMO (stáisiún núicléach taispeána) fiú in ann rannchuidiú le spriocanna Chomhaontú Pháras go fóill. Ina ionad sin, beidh tionchar diúltach glan aige ar astaíochtaí $CO_2$ le linn a tógála.

Ós rud é,

- gur chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun suntais nár urramaigh marcóirí aeráide an Aontais a chuirtear i bhfeidhm i roinnt limistéar prionsabal an choimeádachais a d'fhorbair an Banc Domhanda agus
- go n-imíonn na marcóirí sin ó chreat aicmithe ECFE agus
- nach dtugann siad cuntas do dhrochthionchar infheistíochtaí,

níor cheart caiteachas an Aontais do ITER a áireamh mar ranníocaíocht le sprioc fhoriomlán aeráide 30 %.

**Ráiteas ón bPolainn**

Is le leasanna náisiúnta ríthábhachtacha na Polainne a bhaineann sé go gcuirfí chun feidhme, go hiomlán agus de mheon macánta, na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus na ráitis ghaolmhar ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le coinníollacht ginearálta chun buiséad an Aontais a chosaint, agus ós amhlaidh atá, ní thig leis an bPolainn a toiliú a thabhairt d'aon ghníomh reachtach a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, lena n-áirítear Next Generation EU, mura ndéantar amhlaidh.